Ciorclán 0064/2024

Ciorclán chuig Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna agus na nIar-Bhunscoileanna agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Feidhmiú/cur i bhfeidhm agus úsáid acmhainní Múinteoirí Oideachais Speisialta.

1. Cuspóir an chiorcláin seo

Glacann an ciorclán seo ionad chiorcláin 13/2017 agus 14/2017

Is é cuspóir an chiorcláin seo, le tacaíocht ó na Treoirlínte agus ó na Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach, gach scoil a chumasú tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Sna Treoirlínte lena mbuntacaítear leis an gciorclán seo, tugtar faisnéis chuimsitheach faoin bpróiseas le haghaidh acmhainní teagaisc oideachais speisialta a imscaradh agus faoin dóigh a n-eagraítear an t-imscaradh sin. Tugtar faisnéis do scoileanna faoi na nithe seo a leanas iontu freisin:

- na prionsabail lena mbuntacaítear leis an tsamhail um theagasc oideachais speisialta.

- róil agus freagrachtaí an lucht bainistíochta scoile agus ball foirne scoile.

- an próiseas réiteach fadhbanna le haghaidh riachtanais a shainaithint, le haghaidh pleanáil agus idirghabháil, agus le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil.

2. Réamhrá

Tá sé de cheart ag gach leanbh agus duine óg, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, chun oideachas ar ardchaighdeán a fháil atá oiriúnach dá riachtanais.

Ceann amháin de phríomhspriocanna an chórais oideachais is ea go bhfaighidh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain ar a gcuid foghlama, agus go mbeidh siad rannpháirteach ina gcuid foghlama, i suíomhanna oideachais príomhshrutha, a mhéid is mó is féidir.

Is é an ról atá ag múinteoirí ranga príomhshrutha agus ag múinteoirí ábhair tacaíocht phríomhúil a thabhairt do gach leanbh agus duine óg le linn a gcuid oideachais, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is ionann uaireanta teagaisc oideachais speisialta agus acmhainn bhreise a leithdháiltear ar scoileanna chun a chinntiú go ndéantar leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuimsiú go rathúil i ranganna príomhshrutha.

Leis an leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta, faigheann gach scoil leithdháileadh iomlán le haghaidh tacaí teagaisc oideachais speisialta, ar leithdháileadh é atá bunaithe ar phróifíl na scoile.

Ba cheart an ciorclán seo a léamh i gcomhar leis na treoirlínte nuashonraithe do Bhunscoileanna nó d'Iar-bhunscoileanna, toisc gur leis na Treoirlínte sin a bhuntacaítear leis an gciorclán seo agus toisc gur cheart iad a úsáid chun bonn eolais a chur faoi chur chuige scoile uile i leith soláthar a dhéanamh do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
Tá cuid mhór samplaí de dhea-chleachtais agus de dhea-thionscnaimh i bhfeidhm inár gcóras oideachais chun tacú le cuimsiú leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna.

Chuir a lán ceannairí scoile cur chuige éifeachtach scoile uile chun feidhme chun tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Fianaise shoiléir air sin is ea na tionscnaimh atá ar bun chun rannpháirteachas tuismitheoirí agus guth an linbh a chur chun cinn.

Tríd an gcreat Leanúntais Tacaíochta a chur i bhfeidhm i scoileanna, cabhraítear leis na riachtanais foghlama atá ag leanaí agus daoine óga a shainaithint agus le freagairt do na riachtanais sin agus le faireachán a dhéanamh ar a bhfreagairt don idirghabháil.

Agus roinnt eiseamláirí leagtha amach iontu, léirítear sna Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach (Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna) a ghabhann leis na Treoirlínte maidir le Teagasc Oideachais Speisialta an dóigh ar thacaigh ceannaireacht éifeachtach scoile le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu inár scoileanna.

Glacann na Treoirlínte athbhreithnithe lena mbuntacaítear leis an gciorclán seo ionad na dTreoirlínte a eisíodh sa bhliain 2017. Is iad an Chigireacht, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) a d'fhorbair iad le hocht mí dhéag anuas i gcomhar leis an Roinn. Tá na Treoirlínte nuashonraithe tugtha chun cabhrú le scoileanna tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i ranganna príomhshrutha. Is é atá sna Treoirlínte na dea-chleachtais atá le feiceáil cheana i scoileanna, mar aon leis an aiseolas a fuarthas ónár gcomhpháirtithe oideachas le linn na Treoirlínte a fhorbairt.
Cuirfear sraith tacaí ar fáil chun cabhrú le scoileanna cleachtas éifeachtach a chur chun feidhme sna príomhréimsí seo a leanas:

- Tús Eolais ar na Treoirlínte
- An Creat Leanúntais Tacaíochta

- Príomhghníomhartha le linn tacaíocht teagaisc oideachais speisialta a sholáthar
- An Comhad Tacaíochta Dalta agus an Plean Tacaíochta Dalta
- Cleachtais éifeachtacha amchláraithe in iar-bhunscoileanna

3. Cuspóir an leithdháilte Acmhainní Teagaisc Oideachais Speisialta

Is acmhainn bhreise é an leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta a sholáthraítear do scoileanna, agus tá sé imfhálaithe chun tacaí breise a sholáthar do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus chuige sin amháin. Tá ríthábhacht ag baint le tacaíocht dhea-uainithe, chuí agus spriocdhírithe a sholáthar do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu maidir lena bhforbairt agus maidir lena n-ionchais fhadtéarmacha saoil.

Dá bhrí sin, is gá do gach scoil acmhainní breise teagaisc oideachais speisialta a imscaradh go héifeachtach chun freastal ar riachtanais na ndaoine sin atá sainaitheanta sa Phlean Soláthair Scoile do Dhaoine Óga ar Sainaithníodh go bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Aguisín 1 a ghabhann leis na Treoirlínte nuashonraithe), bunaithe ar an gcreat Leanúntais Tacaíochta.

Nuair a dhéantar uaireanta teagaisc oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoil a imscaradh chun críocha eile seachas na críocha ar chucu a leithdháileadh iad, baintear de dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu rochtain dhíreach ar na hacmhainní sin. Is féidir leis sin tionchar diúltach a imirt ar thorthaí foghlama na leanaí agus na ndaoine óga is soghonta inár gcóras oideachais.

Soláthraítear leis an tsamhail leithdháilte leibhéal méadaithe neamhspleáchais do scoileanna maidir le cén dóigh a ndéanfaidh siad tacaíocht bhreise teagaisc a bhainistiú agus a imscaradh, bunaithe ar na riachtanais speisialta oideachais atá ag leanaí agus daoine óga, agus ní bunaithe ar dhiagnóis míchumais agus uirthi sin amháin.

Is é an Comhad Tacaíochta Dalta, ina bhfuil an Plean Tacaíochta Dalta, an próiseas trína dtugann an scoil cuntas ina cuid cinntí maidir lena tacaí teagaisc oideachais speisialta a úsáid agus a leithdháileadh. Taifeadtar an t-imscaradh tacaí teagaisc oideachais speisialta sa Sceideal maidir le hImscaradh Múinteoirí Oideachais Speisialta (Aguisín 2 a ghabhann leis na Treoirlínte) chun cabhrú le húsáid uaireanta teagaisc oideachais speisialta a rianú ar fud an Leanúntais Tacaíochta.

Ba chóir don phríomhoide am a thabhairt don chroífhoireann oideachais speisialta sainaithint, pleanáil, athbhreithniú, faireachán agus comhordú a


dhéanamh ar an soláthar do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ba cheart cuid den am sin a chur i leataobh le haghaidh comhoibriú, idirchaidreamh agus cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí, leis an leanbh, le múinteoirí agus baill foirne ábhartha eile, leis an bpríomhoide scoile agus le daoine ábhartha eile, mar chuid den phróiseas réiteach fadhbanna.

Ba cheart an t-am sin a úsáid go cuí chun a chinntiú go mbíonn an tionchar is lú is féidir ann ar thacaíocht teagaisc oideachais speisialta atá spriocdhírithe agus ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Ba cheart don scoil a chinntiú go bhfuil aon uaireanta a shanntar don fheidhm sin inchainníochtaithe agus i gcomhréir leis na riachtanais atá ag na leanaí agus na daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa scoil. Ba cheart di a chinntiú freisin go dtaifeadtar na huaireanta sin ar aon dul le haguisín 2 a ghabhann leis na Treoirlínte nuashonraithe.

4. Na prionsabail lena mbuntacaítear leis an tsamhail um theagasc oideachais speisialta.

Mionsonraítear sa ghrafaic thíos na hocht bprionsabal lena mbuntacaítear leis an tsamhail um Theagasc Oideachais Speisialta. **Is leis na prionsabail sin a thugtar eolas do scoileanna maidir le cur chun feidhme agus forbairt leanúnach a gcuid córas, struchtúr, cleachtas agus beartas chun tacú le cuimsiú gach linbh agus duine óig, lena n-áirítear iad sin ar sainaithníodh go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Mar a luaitear sna Treoirlínte maidir le Tacú le Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, aithníonn an Roinn go bhfuil na prionsabail agus na cleachtais sin dea-leabaithe ina lán scoileanna cheana féin.**



Is féidir faisnéis mhionsonraithe bhreise faoi imscaradh leithdháileadh Acmhainní Teagaisc Oideachais Speisialta na scoile agus faoi na prionsabail lena mbuntacaítear leis sin a fháil ag na naisc seo a leanas: Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna.

Tá na naisc sin tugtha i roinnt áiteanna sa chiorclán seo chun críocha tagartha.

5. Oibriú an tsoláthair Acmhainní Teagaisc Oideachais Speisialta laistigh de scoileanna

Is leis na hocht bprionsabal lena mbuntacaítear leis na Treoirlínte a sholáthraítear an bunús do scoileanna chun cur chun feidhme agus forbairt leanúnach córas, struchtúr, cleachtas agus beartas scoile a threorú chun tacú le cuimsiú gach duine óig, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Chun oibriú na samhla um leithdháileadh Acmhainní Teagaisc Oideachais Speisialta a bhainistiú go héifeachtach, ba cheart do scoileanna cur chuige comhoibríoch foirne agus scoile uile a ghlacadh chun na torthaí is dearfaí is féidir a bhaint amach do dhaltaí.

Is é atá i gceist leis an bpróiseas comhoibríoch pleanáil, machnamh, agus athbhreithniú ar bheartais agus cleachtais atá ann cheana, lena n-áirítear cineálacha coisctheacha, réamhghníomhacha agus uilechoiteanna cur chuige chun tacú le cuimsiú diongbháilte daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina gcuid foghlama agus i saol an phobail scoile.

Is é atá i gceist le comhoibriú go n-oibríonn an pobal scoile uile, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí, le chéile chun tacú go héifeachtach agus go réamhghníomhach le foghlaim agus folláine daoine óga.

Gné lárnach den phróiseas comhoibríoch is ea an ceart atá ag an leanbh nó an duine óg a t(h)uairimí a chur in iúl maidir le gach ní a dhéanann difear dó/di. Ba cheart deiseanna agus cúnamh atá aoisoiriúnach a thabhairt do leanaí agus daoine óga chun gur féidir leo an ceart sin a fheidhmiú.

Leagtar amach sa rannán seo a leanas róil agus freagrachtaí na mball foirne scoile mar chuid de chur chuige comhoibríoch scoile uile, chun a chinntiú go bhfuil ardchaighdeáin i bhfeidhm agus go dtugtar tacaíocht iomlán do gach duine óg a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, laistigh de thimpeallacht chuimsitheach scoile.

Ról an Bhoird Bainistíochta/ Bord Oideachais agus Oiliúna

Tá dualgas reachtúil ar bhoird bhainistíochta/ Bord Oideachais agus Oiliúna a chinntiú go bhfuil córais chuí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go mbainistítear acmhainní scoile (lena n-áirítear deontais, soláthar foirne agus acmhainní eile) ar bhealach atá cuí agus ina ndéantar socrú do chuntasacht chuí do na páirtithe ábhartha.

Is é oibleagáid dhlíthiúil na mbord bainistíochta/ Bord Oideachais agus Oiliúna aonair an scoil a bhainistiú ar mhaithe leis na leanaí agus na daoine óga.

Is ar an mbord bainistíochta/ Bord Oideachais agus Oiliúna atá an fhreagracht fhoriomlán as oideachas a sholáthar do gach leanbh agus duine óg, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Sa reachtaíocht, leagtar dualgais shonracha ar bhoird bhainistíochta agus ar phríomhoidí.

Ní mór don bhord a chinntiú nach n-úsáidtear acmhainní teagaisc oideachais speisialta ach chun na críche ar chuici a leithdháileadh iad, is é sin: tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ina scoil.

Ról an Phríomhoide

Tá an príomhoide freagrach as beartais chuimsitheacha scoile uile agus nósanna imeachta cuimsitheacha scoile uile a bhunú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, ar beartais agus nósanna imeachta iad lena dtacaítear le foghlaim gach linbh agus duine óig, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá ról príomhúil ag an bpríomhoide scoile maidir le hacmhainn foirne scoile uile a shamhaltú, a chur chun cinn agus a fhorbairt ar mhaithe le cleachtas cuimsitheach éifeachtach a chothabháil ar fud na scoile. Cinntíonn an príomhoide go gcoinnítear an bord bainistíochta/ Bord Oideachais agus Oiliúna ar an eolas go hiomlán gach bliain faoin imscaradh acmhainní teagaisc oideachais speisialta.

Amhail i gcás na n-acmhainní státchistithe uile eile a sholáthraítear do scoil, tá freagracht ar an mbord bainistíochta agus ar an bpríomhoide scoile i leith a chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní sin chun na críche ar chuici a leithdháileadh iad agus chun na críche sin amháin. Tá sé sin sonraithe in alt 15 den Acht Oideachais, 1998.

Tá Aguisín A thíos tugtha mar theimpléad lena úsáid ag an bpríomhoide chun a chinntiú go gcuirtear an bord ar an eolas gach bliain faoin leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta. Féadfaidh bord bainistíochta/ Bord Oideachais agus Oiliúna a fhormáid féin a chomhaontú.

Is faoi stiúir ag an bpríomhoide scoile atá an próiseas le haghaidh tacaí teagaisc oideachais speisialta a eagrú, ag obair dó/di i gcomhar leis an bhfoireann teagaisc oideachais speisialta agus le baill foirne ábhartha eile. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí róil agus freagrachtaí a shuí agus a chomhaontú go soiléir.

Ról an Mhúinteora Ranga

Oiriúnaíonn múinteoirí ranga a gcineálacha cur chuige teagaisc agus a modheolaíochtaí teagaisc, agus déanann siad socruithe sonracha do leanaí laistigh den rang, mar fhreagairt d'údair imní a thagann chun cinn i ndáil le dul chun cinn, iarracht, cumarsáid nó rialúchán mothúchánach an linbh aonair nó i ndáil le caidreamh an linbh aonair lena c(h)omhdhaltaí.

Is ar mhúinteoirí ranga atá an fhreagracht phríomhúil as dul chun cinn agus cúram gach linbh ina seomra ranga, lena náirítear leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Oiriúnaíonn múinteoirí ranga a gcineálacha cur chuige teagaisc, foghlama agus measúnaithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is féidir é sin a bhaint amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh, mar shampla:

• Struchtúr, inneachar, modh teagaisc agus luas na gceachtanna a éagsúlú chun rannpháirteachas agus rannpháirtíocht fhiúntach gach linbh a chinntiú.
• Ceachtanna a oiriúnú chun aird a thabhairt ar údair spéise an linbh.
• Cúraimí a mheaitseáil le láidreachtaí, údair spéise agus riachtanais an linbh.
• Acmhainní a oiriúnú agus a úsáid, lena náirítear tacaí amhairc agus an teicneolaíocht a úsáid.

Ról an Mhúinteora Ábhair

Déanann múinteoirí ábhair rannchuidiú ríthábhachtach maidir le timpeallacht thacúil chomhbhách a chruthú sa scoil do dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ar timpeallacht í ina dtugtar dearbhú do na daoine óga sin ina gcuid foghlama agus ina rannpháirteachas i saol na scoile.

Faoi chuimsiú cur chuige scoile uile i leith an chuimsithe, tá freagracht phríomhúil ar mhúinteoirí ábhair as teagasc, foghlaim agus measúnú na ndaoine óga uile laistigh dá rangghrúpaí, lena náirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Leagtar amach i Rannán 3 de na Treoirlínte róil agus freagrachtaí na mball foirne scoile mar chuid de chur chuige comhoibríoch scoile uile, chun a chinntiú go bhfuil ardchaighdeáin i bhfeidhm agus go dtugtar tacaíocht iomlán do gach leanbh agus duine óg a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, laistigh de thimpeallacht chuimsitheach scoile. Tugtar sa rannán sin freisin mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na ndaoine seo a leanas: Múinteoirí Ábhair (iar-bhunscoil), Múinteoirí Ranga (bunscoil), an Fhoireann Teagaisc Oideachais Speisialta, agus Múinteoirí Oideachais Speisialta.

Ba cheart do scoileanna breathnú ar na mionsonraí sin chun bonn eolais a chur faoi eagrú an tsoláthair teagaisc oideachais speisialta.

6. An próiseas le haghaidh Riachtanais a shainaithint ar fud an Leanúntais Tacaíochta agus le haghaidh freagairt dóibh.

Is é atá sa Leanúntas Tacaíochta creat atá ceaptha dá úsáid chun láidreachtaí agus riachtanais leanaí agus daoine óga a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh ar an bhfreagairt don idirghabháil.

Aithnítear sa chreat go mbíonn riachtanais speisialta oideachais le sonrú feadh leanúntais, idir riachtanais éadroma, riachtanais shuntasacha, riachtanais shealadacha agus riachtanais bhuana. Aithnítear ann go dteastaíonn leibhéil dhifriúla tacaíochta ó leanaí agus daoine óga, ag brath ar a riachtanais shainaitheanta oideachais, agus gur féidir go dtiocfaidh athrú ar riachtanais le himeacht ama.

Tugtar i Rannán 4 de na Treoirlínte forbhreathnú cuimsitheach ar an dóigh a gcabhraíonn an creat sin lena chinntiú go leithdháiltear tacaíocht ar bhealach tráthúil solúbtha. Tugtar ann treoir mhionsonraithe maidir leis an soláthar tacaíochta ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.

Leis an gComhad Tacaíochta Dalta, soláthraítear próiseas le haghaidh an fhaisnéis ar fad a bhaineann leis an leanbh nó an duine óg a thaifeadadh agus a thiomsú, chun idirghabhálacha a phleanáil atá ailínithe lena gcuid láidreachtaí, údar spéise agus riachtanas sainaitheanta, agus chun cabhrú le freagairt an duine óig don idirghabháil a dhoiciméadú.

Is é atá sa Phlean Tacaíochta Dalta plean foghlama indibhidiúlaithe, ina ndoiciméadaítear láidreachtaí, údair spéise agus riachtanais an linbh nó an duine óig, mar aon leis na riachtanais foghlama tosaíochta a comhaontaíodh mar bhunús do spriocanna agus d'idirghabhálacha.

Tá samplaí de Phleananna Tacaíochta Dalta agus de Chomhaid Tacaíochta Dalta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna tugtha sna doiciméid maidir le Tacú le Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach.

Is féidir tuilleadh faisnéise agus treorach maidir le pleananna tacaíochta a chur chun feidhme a fháil ag na naisc seo a leanas:
Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna

7. Imscaradh cuí acmhainní teagaisc oideachais speisialta

Ní mór do scoileanna a leithdháileadh acmhainní teagaisc oideachais speisialta a úsáid ina iomláine chun tacú le gach leanbh agus duine óg a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu atá sainaitheanta sa Phlean Soláthair Scoile do Dhaoine Óga ar Sainaithníodh go bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (Aguisín 1 a ghabhann leis na Treoirlínte).

Ceanglaítear ar scoileanna taifead a choinneáil ar imscaradh múinteoirí oideachais speisialta. Tá teimpléad le haghaidh imscaradh a thaifeadadh tugtha in Aguisín 2 a ghabhann leis na Treoirlínte.

8. Tacaí do scoileanna.

Tá raon tacaí ar fáil ón Roinn, ó CNOS agus ó SNSO chun cabhrú le scoileanna tacú le leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Áirítear leo sin:

Soláthraíonn an Roinn Oideachais acmhainní agus treoir i ndáil le riachtanais speisialta oideachais laistigh de scoileanna.

Tugann CNOS tacaíocht do scoileanna trína fhoirne réigiúnacha, trína Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais, trí Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí agus trí thacaíocht ionscoile.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na tacaí thuasluaite a fháil ag an nasc seo a leanas: An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta – Obair chun seirbhís níos fearr oideachais speisialta a sholáthar (ncse.ie).

Oibríonn síceolaithe Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachai le scoileanna chun tacú le folláine, cuimsiú, foghlaim agus forbairt shóisialta agus mhothúchánach leanaí agus daoine óga. Agus iad ag obair le scoileanna, baineann síceolaithe oideachais ó SNSO úsáid as samhail réiteach fadhbanna chun cabhrú le scoileanna riachtanais a shainaithint agus idirghabhálacha a chur i bhfeidhm chun freastal ar na riachtanais sin.

Tá liosta úsáideach de na príomhthacaí atá ar fáil tugtha in Aguisín 3 a ghabhann leis na Treoirlínte.

9. An próiseas le haghaidh plé le cásanna inarbh fhéidir gur imscaradh acmhainní teagaisc oideachais speisialta go míchuí

Aithnítear go n-úsáideann formhór mór na scoileanna a nAcmhainní Teagaisc Oideachais Speisialta go héifeachtach

Gach bliain, cuirtear an Roinn ar an eolas faoi líon beag cásanna inar féidir nach bhfuil an leithdháileadh uaireanta teagaisc oideachais speisialta ar scoileanna aonair á úsáid go héifeachtach ná ina iomláine chun tacú le leanaí agus daoine óga ar sainaithníodh go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Tá sé de dhualgas ar an Roinn gach tuairisc den sórt sin a imscrúdú.

Samplaí d'imscaradh míchuí a tuairiscíodh don Roinn le déanaí.
Áiríodh iad seo a leanas le roinnt de na teagmhais a tuairiscíodh don Roinn sa scoilbhliain seo a chuaigh thart:

- Ní raibh acmhainní teagaisc oideachais speisialta á n-úsáid chun tacaíocht bhreise teagaisc a sholáthar do leanaí agus daoine óga a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu i scoileanna. (Ar mhaithe le soiléireacht chuimseodh tacaíocht bhreise teagaisc an t-am chun soláthar do leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a shainaithint, a phleanáil, a athbhreithniú, a mhonatóiriú agus a chomhordú).
- Bhí uaireanta teagaisc oideachais speisialta á n-úsáid chun an cóimheas idir daltaí agus múinteoir a laghdú agus chun rang-ghrúpaí níos lú a chruthú.
- Bhí uaireanta teagaisc oideachais speisialta á n-úsáid chun an curaclam agus ábhair a sholáthar do dhaoine óga nach bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Bhí freagrachtaí curaclaim ranga uile á sannadh do mhúinteoir oideachais speisialta ar bhonn seasta, e.g., bhí freagracht ar mhúinteoirí

oideachais speisialta, agus orthu sin amháin, as matamaitic a theagasc do rang-ghrúpaí príomhshrutha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann imscaradh míchuí le **múinteoirí oideachais speisialta a bheith á n-imscaradh ar bhealach córasach seasta chuig róil nach bhfuil i gceist leo tacú go díreach leis na leanaí agus na daoine óga sin a bhfuil riachtanais shainaitheanta foghlama acu atá leagtha amach i gcomhaid tacaíochta dalta**.

Tá próiseas seanbhunaithe i bhfeidhm ag an Roinn ina leith sin, ar próiseas é a leanaimid nuair a fhaighimid tuairisc den sórt sin. Is féidir faisnéis a fháil faoin bpróiseas sin anseo.

Aguisín A
Foirm shamplach do Dheimhniú an Phríomhoide don Bhord/ Bord Oideachais agus Oiliúna maidir le hÚsáid Cheart Acmhainní TSO

Leabhar nótaí scoile

Ó: (Ainm an Phríomhoide)

Chuig: Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/ Bord Oideachais agus Oiliúna

Ainm na Scoile:

Uimhir Rolla:

Scoilbhliain 20 /20

Deimhním:

- Go n-úsáidtear gach acmhainn a cuireadh ar fáil chun tacú le páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun críocha na críocha a ceapadh dóibh i gcomhréir le ciorclán 0064/2024 (agus an treoir a bhaineann leis).

Sínithe:_____ Dáta:_____

Oideachas Speisialta
Nollaig 2024